



Idirbhearta a Bhaineann le Stiúrthóirí

Treoir ghairid



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director
of Corporate Enforcement

Clár na nÁbhar

Eolas ar an treoir seo	2
Cé dóibh na rialacha?	2
Iasachtaí stiúrthóirí	2
Cad é an riail ghinearálta?	2
An bhfuil eisceachtaí ar bith ann?	3
Eisceacht 1 – Méid na hiasachta	3
Eisceacht 2 – An gnáthamh ceadaithe achomair	4
Eisceacht 3 – Iasachtaí idir cuideachtaí sa ghrúpa céanna	5
Eisceacht 4 – Speansais	5
Eisceacht 5 – Iasachtóirí	5
Cad é a tharlaíonn má laghdaíonn luach na sócmhainní ábhartha?	5
Cad iad na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le hiasachtaí stiúrthóirí?	6
Cad é a d'fhéadfadh tarlú dá bhfaighfí níos mó airgid ar iasacht ná mar atá ceadaithe?	6
Idirbhearta réadmhaoine nó neamhairgid	7
Cad é an riail ghinearálta?	7
Cad is sócmhainn réadmhaoine ann?	7
Cad iad na sócmhainní réadmhaoine atá clúdaithe ag an riail?	8
Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil ceadú de dhíth?	8
Cad é a tharlaíonn mura gceadaíonn na húinéirí agus na scairshealbhóirí idirbheart?	9
An féidir le húinéirí agus le scairshealbhóirí idirbheart a cheadú i ndiaidh dó tarlú?	10
Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?	10

Eolas ar an treoir seo

Tá an treoir ghairid seo curtha le chéile againn le míniú a thabhairt ar chuid de na rialacha a bhaineann le:

- stiúrthóirí a fhaigheann iasacht óna gcuideachta nó óna gcuideachta sealbhaíochta; agus
- stiúrthóirí a cheannaíonn sócmhainní réadmhaoine (talamh, foirgnimh, innealra agus araile) óna gcuideachtaí nó a dhíolann leo iad.

Cé dóibh na rialacha?

Baineann na rialacha le stiúrthóirí cuideachtaí agus le daoine atá gar dóibh. Tugtar ‘daoine bainteacha’ ar na daoine seo agus áirítear leo tuismitheoirí, páistí, fir chéile, mná céile, páirtnéirí sibhialta, deartháireacha agus deirfiúracha. Áirítear leo freisin cuideachtaí atá rialaithe ag na stiúrthóirí.

Iasachtaí stiúrthóirí

Cad é an riail ghinearálta?

Is riail ghinearálta í nach bhfuil cead ag cuideachtaí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- iasachtaí a thabhairt do stiúrthóirí na cuideachta agus na cuideachta sealbhaíochta, ná do dhaoine bainteacha;
- a bheith páirteach mar chreidiúnaithe in idirbheart creidmheasa a bhaineann le stiúrthóirí agus daoine bainteacha, mar shampla, comhaontú fruilcheannaigh nó comhaontú léasa;

- ráthaíocht nó urrús a sholáthar maidir le hiasacht nó le hidirbheart creidmheasa le haghaidh stiúrthóra nó duine bainteach.

Is é an fáth a bhfuil an riail sin ann ná le sócmhainní cuideachtaí a chosaint ar mhaithe leis an ngnó, na húinéirí agus na creidiúnaithe.

An bhfuil eisceachtaí ar bith ann?

Tá; tá roinnt eisceachtaí ar an riail seo ann.

Eisceacht 1 – Méid na hiasachta

Tá an iasacht dleathach más lú ná aon deichiú (10%) de ‘shócmhainní ábhartha’ na cuideachta na hiasachtaí uile atá faighte ón gcuideachta ag na stiúrthóirí agus ag na daoine bainteacha uile.

Is éard is sócmhainní ábhartha ann na sócmhainní glana atá luaite ar chlár comhardaithe na cuideachta ag an ollchruinniú bliantúil is deireanaí dá cuid.

Léiríonn na samplaí seo a leanas an dóigh a bhfeidhmíonn an riail.

Sampla 1

Cuir i gcás gurb é €500,000 an luach atá luaite le sócmhainní ábhartha cuideachta. Sa chás sin, ní mó gur lú ná €50,000 (10% de na sócmhainní ábhartha) iomlán na n-iasachtaí atá faighte ón gcuideachta ag na stiúrthóirí agus ag na daoine bainteacha uile.

Sampla 2

Mura raibh ollchruinniú bliantúil ann riamh, is ionann na sócmhainní ábhartha agus ‘scairchaipiteal glaoite’ na cuideachta. Is ionann ‘scairchaipiteal glaoite’ agus bunchostas scaireanna na cuideachta, agus tá sé luaite ar chlár comhardaithe na cuideachta. D’fhéadfadh an figiúr sin a bheith chomh híseal le €2. Ina leithéid de chás, ní féidir níos mó ná 20 cent a bheith i gceist le hiomlán na n-iasachtaí faighte ón gcuideachta ag na stiúrthóirí agus ag na daoine bainteacha uile (arb ionann é agus 10% den scairchaipiteal glaoite, €2).

Eisceacht 2 – An gnáthamh ceadaithe achomair

Is féidir le cuideachta airgead a thabhairt ar iasacht agus urrús a ráthú nó a sholáthar maidir le hiasacht le stiúrthóir nó le duine bainteach sa chás ina gceadaíonn úinéirí na cuideachta a leithéid de shocrú ag cruinniú ginearálta. Ní mór socrú a bheith ceadaithe ag trí cheathrú de na vótóirí.

Ní mór do na stiúrthóirí dearbhú reachtúil a shíniú freisin (ráiteas i bhfoirm ar leith a éilítear leis an dlí) a chuireann in iúl nach gcuirfidh an iasacht isteach ar chumas na cuideachta a fiacha a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. ‘An gnáthamh ceadaithe achomair’ a thugtar ar an bpróiseas seo.

Má shíníonn stiúrthóir an dearbhú agus má bhíonn deacrachtaí airgeadais ag an gcuideachta ina dhiaidh sin, féadfar go mbeidh ar an stiúrthóir fiacha na cuideachta a íoc ar ais.

Eisceacht 3 – Iasachtaí idir cuideachtaí sa ghrúpa céanna

Is féidir le cuideachtaí airgead a thabhairt ar iasacht agus ráthaíocht agus urrús a sholáthar dá chéile ar an gcoinníoll gur cuideachtaí den ghrúpa céanna iad. Tá rialacha ann a mhíníonn na cásanna inar cuideachta de ghrúpa í cuideachta. Má tá tú in amhras faoin scéal, is ceart duit labhairt le dlíodóir.

Eisceacht 4 – Speansais

Is féidir leis an gcuideachta speansais ghnó na stiúrthóirí a íoc. Mar shampla, is féidir leis an gcuideachta airgead a thabhairt nó cárta creidmheasa stiúrthóra a ráthú sa chás amháin ina mbaintear úsáid astu le speansais ghnó na cuideachta a íoc.

Eisceacht 5 – Iasachtóirí

Más cuid de ghnó cuideachta é airgead a thabhairt ar iasacht (banc, mar shampla), is féidir léi iasachtaí a thabhairt dá stiúrthóirí. Ní mór na téarmaí céanna a thairgeann an chuideachta do ghnáthdhaoine as an iasacht chéanna a fháil a bheith i gceist, áfach.

Cad é a tharlaíonn má laghdaíonn luach na sócmhainní ábhartha?

Má laghdaíonn luach sócmhainní ábhartha cuideachta, féadfar go mbeidh na rialacha faoi iasachtaí á sárú. Ní mór do na stiúrthóirí an scéal a réiteach taobh istigh de dhá mhí. D'fhéadfadh aisíoc cuid de na hiasachtaí a bheith i gceist.

Cad iad na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le hiasachtaí stiúrthóirí?

Is féidir le stiúrthóirí agus lena gcuideachtaí na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le hiasachtaí le stiúrthóirí a shocrú, a fhad is go leagann siad síos iad i gcomhaontú scríofa foirmiúil.

Mura bhfuil aon chomhaontú scríofa ann, tá téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha leagtha síos sa dlí. Dar leo:

- caithfear an iasacht a aisíoc nuair a éilíonn an chuideachta é; agus
- tá ráta úis bliantúil 5% ag baint leis an iasacht.

Má thugann stiúrthóir airgead ar iasacht don chuideachta gan comhaontú foirmiúil scríofa a bheith ann:

- glacfar leis nach bhfuil ús le hóc ar an iasacht; agus
- aisíocfar an iasacht sa chás amháin ina mbeidh fiacha uile eile na cuideachta aisíoctha.

Cad é a d'fhéadfadh tarlú dá bhfaighfí níos mó airgid ar iasacht ná mar atá ceadaithe?

Is cion coiriúil é níos mó airgid ná mar atá ceadaithe a fháil ar iasacht. Féadfar stiúrthóir a ionchúiseamh sna cúirteanna má ligeann sé/sí dá c(h)uideachta níos mó ná mar atá ceadaithe a thabhairt ar iasacht.

Má fhaigheann stiúrthóir nó duine bainteach níos mó ná mar atá ceadaithe ar iasacht, is féidir leis an gcuideachta a shocrú an t-idirbheart a chur ar ceal agus an t-airgead a iarraidh ar ais. Is féidir leis an gcuideachta na nithe seo a leanas a éileamh:

- an t-iomlán a bheith aisíoctha;
- cúiteamh don chuideachta as aon chailteanas; agus
- aon bhrabús gnóthaithe ag an stiúrthóir nó ag an duine bainteach as an idirbheart a aisíoc.

Murar féidir leis an gcuideachta na fiacha atá uirthi a íoc agus má dhruidtear síos í (má théann sí faoi leachtú), agus má tá níos mó faighte ar iasacht ag na stiúrthóirí ón gcuideachta ná mar atá ceadaithe, féadfaidh na cúirteanna a rialú go gcaithfidh na stiúrthóirí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- na hiasachtaí a aisíoc; agus
- an t-airgead atá ag an gcuideachta uirthi féin, nó cuid de, a íoc go pearsanta.

Is dóchúil gur sin a tharlóidh má tá úsáid bainte ag na stiúrthóirí as an ngnáthamh ceadaithe achomair leis na hiasachtaí a dhéanamh dleathach (féach Eisceacht 2 thuas).

Idirbhearta réadmhaoine nó neamhairgid

Cad é an riail ghinearálta?

Tá cead ag stiúrthóir nó ag duine bainteach sócmhainn réadmhaoine a cheannach ón gcuideachta nó sócmhainn réadmhaoine a dhíol leis an gcuideachta má aontaíonn úinéirí agus scairshealbhóirí na cuideachta déanamh amhlaidh ag ollchruinniú **sula** dtarlaíonn an t-idirbheart.

Cad is sócmhainn réadmhaoine ann?

Is sócmhainn réadmhaoine í sócmhainn ar bith nach airgead tirim í, mar shampla talamh, foirgnimh, innealra agus araile.

Cad iad na sócmhainní réadmhaoine atá clúdaithe ag an rialí?

Baineann an rialí le sócmhainn réadmhaoine ar bith ar mó a luach ná na méideanna seo a leanas:

- €5,000; agus
- €65,000 **nó** aon deichiú (10%) de luach sócmhainní ábhartha na cuideachta, cibé ceann acu is lú. Féach leathanach 3 le míniú a fháil ar shócmhainní ábhartha.

Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil ceadú de dhíth?

Scéal casta é agus braitheann sé ar luach sócmhainní ábhartha na cuideachta. Seans go mbeidh na samplaí seo a leanas cuidiúil duit.

Sampla A

Cuir i gcás gur mhaith le hiníon stiúrthóra (duine bainteach) trealamh ríomhaireachta ar le cuideachta an stiúrthóra é a cheannach agus go bhfuil luach €1,100 leis. Sa sampla áirithe seo, €10,000 luach sócmhainní ábhartha na cuideachta, agus €1,000 an deichiú cuid (10%) de sin.

Cé gur mó ná €1,000 luach an trealamh (€1,100), is lú ná €5,000 é. Ciallaíonn sé sin gur féidir leis an iníon an trealamh a cheannach gan ceadú a fháil ó na húinéirí agus ó na scairshealbhóirí.

Sampla B

€200,000 luach sócmhainní ábhartha cuideachta. Is ionann aon deichiú (10%) de na sócmhainní ábhartha sin agus €20,000. Ba mhaith le stiúrthóir a carr a dhíol leis an gcuideachta ar €40,000.

As siocair go bhfuil luach an chairr, €40,000, níos mó ná €5,000 **agus** níos mó ná aon deichniú (10%) de shócmhainní ábhartha na cuideachta, beidh ar an stiúrthóir ceadú na n-úinéirí agus na scairshealbhóirí a fháil sular féidir léi an carr a dhíol leis an gcuideachta.

Sampla C

Ba mhaith le stiúrthóir eile a charr siúd a dhíol lena chuideachta féin ar €50,000. €800,000 luach sócmhainní ábhartha na cuideachta. Is ionann aon deichiú (10%) de na sócmhainní ábhartha agus €80,000.

Is mó ná €5,000 luach an chairr, €50,000, ach is lú é ná €65,000 agus 10% de na sócmhainní ábhartha. Ní gá don stiúrthóir, mar sin, ceadú na n-úinéirí agus na scairshealbhóirí a fháil sula ndíolann sé a charr leis an gcuideachta.

Cad é a tharlaíonn mura gceadaíonn na húinéirí agus na scairshealbhóirí idirbheart?

Is féidir leis an gcuideachta an t-idirbheart a chur ar ceal agus an tsócmhainn nó an t-airgead a iarraidh ar ais. Má dhéanann an stiúrthóir nó an duine bainteach brabús ar an idirbheart, féadfaidh an chuideachta a iarraidh go n-íocfar an méid iomlán agus an brabús ar ais.

Ar an dóigh chéanna, má dhéanann an chuideachta cailiteanas ar an idirbheart, féadfar go mbeidh ar an stiúrthóir nó ar an duine bainteach an méid iomlán a aisíoc chomh maith le cailiteanas ar bith a bheadh ag an gcuideachta.

An féidir le húinéirí agus le scairsealbhóirí idirbheart a cheadú i ndiaidh dó tarlú?


Is féidir. Is féidir leo an t-idirbheart a chomhaontú ag cruinniú ginearálta taobh istigh de thréimhse réasúnta i ndiaidh don idirbheart tarlú.

Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Is féidir le hidirbhearta a mbíonn stiúrthóirí páirteach iontu a bheith casta. Má tá tú ag smaoineamh ar a leithéid de chomhshocrú nó idirbheart a dhéanamh, is ceart duit comhairle dlí a fháil.

Séanadh

Tá cuid de na rialacha a bhaineann le hidirbhearta a mbíonn stiúrthóirí páirteach iontu leagtha amach sa Treoir Ghairid seo. Ní léirmhíniú dlíthiúil é ar chuid ar bith d'Acht na gCuideachtaí. Níl an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagrach as earráidí, míchruinneas ná easnaimh ar bith sa treoir seo agus níl sé/sí faoi dhliteanas i dtaca leo.



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:

✉ Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
Éire

☎ 01 858 5800
Loghla 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil
An English version of this booklet is available*